Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers




# Droichead

# Seisiún Eolais na Scoile Uile - Bunscoil

@Oide_Droichead

CC BY NC

# Túslitreacha agus Acrainmneacha

| | |
|---|---|
| **MNC:** | Múinteoir Nuacháilithe |
| **FTG:** | Foireann Tacaíochta Gairmiúla |
| **CFG:** | Ceannaire Foghlama Gairmiúla |
| **ABSA:** | Ag Breathnú ar an Scoil Againne |
| **DCD:** | Dearbhú Cáilíochta Droichead |
| **DEEPEN:** | Droichead: Ag Taiscéalaíocht agus ag Spreagadh Dearcthaí, Eispéiris agus Insintí |



# Inniu...

Oide

**Droichead Seisiún Eolais na Scoile Uile**

Cad is cúis le Droichead?

Cad é an rud é Droichead?

Cad iad na Buntáistí don MNC agus don Scoil?

Tacaíochtaí Droichead



# An Rannán Ionduchtúcháin Droichead

Oide




## Droichead

Ag tacú le hionduchtú scoile

## Foghlaim Ghairmiúil

Deiseanna do FTGanna agus do MNCanna dul i mbun foghlaim ghairmiúil agus taithí ar Droichead a roinnt

## Láithreán Gréasáin

Foirse eolais achmainní agus tacaíochta do FTGanna agus MNCanna, i mBéarla agus i nGaeilge

https://oide.ie/ga/droichead/baile/

## Seirbhís Tacaíochta Scoile

Tacaíochtaí teileafóin, ríomhphoist, fiorúla agus ar line ón Rannán Ionduchtúcháin Droichead



# Na Naisc a Dhéanamh










An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Ciorclán 0044/2019

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta na mBunscoileanna Aitheanta**

**EARCÚ/ARDÚ CÉIME AGUS CEANNAIREACHT DO MHÚINTEOIRÍ I mBUNSCOILEANNA AITHEANTA**

De bhun na cumhachta atá in Alt 24 den Acht Oideachais (mar a leasaíodh), tugann an tAire Oideachais agus Scileanna ordú d'fhostóirí na rialacháin agus na nósanna imeachta a chur i bhfeidhm atá leagtha amach sa chiorclán seo ón 1ú Meán Fómhair, 2019. Leanfadh gach post a fógraíodh roimh an dáta seo faoin imlitir ábhartha a tháinig roimhe seo.

San imlitir seo leagtar amach an creat ceannaireachta agus bainistíochta i gcomhair post i mbunscoileanna aitheanta mar aon le nósanna imeachta earcaíochta agus ceapacháin do Mhúinteoirí cláraithe, Príomhoidí Cúnta, Príomhoidí Tánaisteacha agus Príomhoidí. Gabhann an ciorclán seo in ionad na gciorclán, na meabhrán, na rialacha agus na rialachán roimhe seo maidir le hearcaíocht agus ardú céime lena n-áirítear Aguisíní D agus E den Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015 - 2019, Caibidil 1 d'eagrán 2 na dTéarmaí & Coinníollacha maidir le Múinteoirí Cláraithe a fhostú i mBunscoileanna & Iarbhunscoileanna Aitheanta, Ciorcláin 70/2018, 0031/2011 agus 0015/2016.

Áirithigh, le do thoil, go gcuirtear ábhar an chiorcláin seo ar a súile do gach comhalta den Bhord Bainistíochta/de na Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO) agus do gach múinteoir atá fostaithe agat i mBunscoileanna, iad siúd atá ar saoire neamhláithreachta agus ar iasacht san áireamh.

Tá teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.education.ie.

Ba cheart aird bhainistíocht na scoile a dhíriú ar gach ceist i dtús báire agus d'fhéadfadh sé go mbeidís siúd ag iarraidh dul i gcomhairle lena n-eagraíocht ionadaíoch. Féadfar aon cheisteanna eile a chur chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas: teachersna@education.gov.ie.

Ba cheart ceisteanna maidir le leithdháileadh post nó ath-imlonnú múinteoirí a ardú le Rannóg na Leithdháiltí Múinteoirí sa Roinn: primaryallocations@education.gov.ie.

Baineann gnóthaí maidir le clárú múinteora leis an gComhairle Mhúinteoireachta, Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara. Ríomhphost: info@teachingcouncil.ie.

Alfie Barrett
Téarmaí & Coinníollacha do Mhúinteoirí/Cúntóirí Riachtanais Speisialta
9 Lúnasa 2019

Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath, N37 X659
www.education.ie



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Seisiún a hAon:

# Cad is cúis le Droichead?



CC BY NC

# Buneolas maidir le Droichead

Oide

Samhail ionduchtaithe ceaptha chun tábhacht na céime seo den chontanam a léiriú

Rialáil faoi threoir gairmithe agus freagracht ghairmiúil comhroinnte

Is iad a gcomhghleacaithe na daoine is oiriúnaí le fáilte a chur roimh mhúinteoirí nua isteach sa ghairm



# An Leanúntas in Oideachas Múinteoirí

Oide

"... na gníomhaíochtaí oideachasúla agus forbarthacha, foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, lena bpléann múinteoirí, mar fhoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil, le linn a ngairmréime múinteoireachta …"




(An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2011, lch. 5)




Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Droichead: An Chreatlach Ionduchtaithe Ghairmiúil Chomhtháite

Oide

> Is é príomhchuspóir phróiseas Droichead tacú le foghlaim ghairmiúil MNCanna le linn na céime ionduchtúchaithe, i mbealach nach ndéantar aon mheastóireacht, agus ar an gcaoi sin an bhunchloch a leagan d'fhás agus d'fhoghlaim ghairmiúil ina dhiaidh sin

(An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2025, lch.4)



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Seisiún a Dó:

# Cad é an rud é Droichead?



CC BY NC

# Príomhghnéithe Droichead

Oide

- Ról an Phríomhoide
- An Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG)
- Cur Chuige Scoile Uile
- Samhlacha d'Fhoirne Tacaíochta Gairmiúla
- Caighdeáin Droichead
- Cleachtadh Machnamhach
- Snáithe A agus Snáithe B
- Droichead a Thabhairt Chun Críche
- Ag Dul i nGleic le Cúiseanna Imní



# Ról an Phríomhoide






# Foireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG)



| Droichead – Róil agus Freagrachtaí Molta do Bhaill den Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG) agus do Mhúinteoirí Nua-cháilithe (MNCanna) |
|---|
| **Droichead**<br>Is é príomhchuspóir Droichead 'tacú le **foghlaim ghairmiúil MNCanna** le linn na céime ionduchtúchaithe, i mbealach nach ndéantar aon mheastóireacht, agus ar an gcaoi sin **an bhunchloch a leagan d'fhás agus d'fhoghlaim ghairmiúil** ina dhiaidh sin' (An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2025, lch.4). |
| **Droichead agus an FTG – Ról agus Freagrachtaí Molta** |
| Próiseas comhoibritheach é i gcónaí tacú le MNC trí Droichead. Tá dhá ról ag an FTG:<br>• an MNC a threorú agus a chomhairliú le linn an ionduchtaithe scoile, sna chéad chéimeanna dá n-aistear gairmiúil<br>• dearbhú i bpáirt a dhéanamh leis an MNC 'gur ghlac siad páirt i bpróiseas teagaisc agus foghlama ar ardchaighdeán de bharr a rannpháirtíochta in Droichead' (An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2025, lch.4).<br>**Freagrachtaí Molta an FTG**<br>Féadfaidh 'róil agus freagrachtaí bhaill FTG a bheith éagsúil i gcomhthéacsanna scoile éagsúla, agus mar sin comhaontaítear iad sula gcuirtear tús le próiseas Droichead' (An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2025, lch.9)<br>Chun FTG a threorú ina ról, aithnítear thíos cuid de na freagrachtaí molta. Ní liosta uilechuimsitheach ná forordaitheach é seo agus is féidir leis an FTG é a oiriúnú dóibh féin. Cé go mbaineann freagrachtaí maidir le meantóireacht leis an bhfoireann uile, is féidir le FTG cuid de na freagrachtaí eile a thabhairt do bhaill áirithe den fhoireann.<br>Comhroinnfidh an FTG a ról agus a fhreagrachtaí aontaithe leis an MNC ag an gcruinniú tosaigh. |

Oide.ie

Is próiseas **comhoibritheach** i gconaí é tacú le MNC trí Droichead mar FTG:

**- a threoraíonn agus a thugann comhairle** don MNC le linn ionduchtaithe scoilbhunaithe, sna chéad chéimeanna dá dturas gairmiúil

**- comhdhearbhú** a dhéanamh leis an MNC gur ghlac sé páirt i bpróiseas ardchaighdeáin teagaisc agus foghlama

# Tacaíocht na Scoile Uile

Oide

- Thugann an FTG eolas faoi chóras agus tionscnaimh na scoile
- Cuireann siad an MNC ar an eolas faoi chomhthéacs na scoile
- Taithí agus saineolas a roinnt leis an MNC
- Rannpháirtíocht a spreagadh i ngné shóisialta na scoile







Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Forbhreathnú ar Oiliúint na Foirne Tacaíochta Gairmiúla

Oide

**Seisiún a hAon**

Do Bhealach a Dhéanamh trí Dhroichead

**Seisiún a Dó**

Gnéithe de Phróiseas Droichead

**Seisiún a Trí**

MNCanna a Chumhachtú




**Seisiún a Ceathair**

Breathnóireacht agus Plé

**Seisiún a Cúig**

Ag Obair mar Fhoireann

**Seisiún a Sé**

Ag Forbairt sa Ról mar Bhall den FTG

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# An Chomhairle Mhúinteoireachta: An Coinníoll Droichead

Ní suíomh incháilithe do Droichead iad ranganna **Luath Idirghabhála.**

## Riachtanais Droichead

Tréimhse de chleachtas gairmiúil a chur i gcrích i suíomh incháilithe

Conradh/tairiscint fostaíochta 60 lá nó níos mó ar a laghad sa suíomh céanna

Ba chóir do MNCanna fanacht sa suíomh céanna leis an ngrúpa céanna daltaí i rith Droichead.

Conradh postroinnte don bhliain acadúil iomlán nó conradh 12.5 uair an chloig ar a laghad in aghaidh na seachtaine don bhliain acadúil iomlán

# Uasdátú ar Shuíomhanna

> Is féidir Droichead a chur i gcrích má tá post faighte ag MNC ar phainéal soláthair, nó post a bhaineann le ham scaoilte do phríomhoide.

(An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2025, lch.8)




- Tá MNC páirteach sa phróiseas Droichead thar thréimhse iomlán a gconartha fostaíochta, nach mór a bheith níos faide ná an t-íosriachtanas de 60 lá.
- Ní mór do dhuine amháin ar a laghad, as an mbeirt bhall FTG a theastaíonn chun tacú leis an MNC le linn an phróisis, a bheith ón scoil bhunaidh.
- Ní mór do Phríomhoide na scoile bunaidh gníomhú i ról maoirseachta.
- Ní mór don FTG agus MNC a chinntiú go bhfuil toiliú agus comhaontú roimh ré acu ó gach scoil sa chnuas
- Ní mór don FTG an Fhoirm D a shíniú sa scoil bhunaidh

# Baill FTG

- ✓ Lánchláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta
- ✓ Baill lánoilte FTG
- ✓ Ráiteas eisithe
- ✓ Incháilithe chun Foirm D a shiniú


Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

TEASTAS|CERTIFICATE

Tá an teastas seo á bhronnadh ar
This certificate is presented to

Joe Bloggs

Uimhir na Comhairle Múinteoireachta|Teaching Council Number: 000000
Uimhir Rolla na Scoile | School Roll Number: 000000

Droichead Professional Support Team Training - Primary

Droichead Induction Division/
Rannóg Ionduchtúcháin Droichead
Eagras | Organiser

01.09.2024
Dáta Tinrimh | Date of Attendance

Cruthaíodh an fhoirm seo ag baint úsáide as an eolas sonrach a líon an faighteoir féin isteach.
This certificate has been created using the specific data, as entered by the recipient.

# Samhlacha FTG

Oide

- Samhail Inmhéanach
- Ball seachtrach d’FTG
- FTG Idirscoile

# Caighdeáin Droichead

Oide




> Tá caighdeáin leagtha síos ag an gComhairle mar bhonn treise faoi phróiseas Droichead, mar threoir don MNC, in éineacht leis an FTG, i ndáil leis an bhfoghlaim agus leis an gcleachtadh gairmiúil




(An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2025, lch. 13)

# Caighdeáin Droichead

Oide

Déanfaidh an MNC an méid seo a leanas…




**Caighdeán 1:**
páirt a ghlacadh go gairmiúil le hionduchtúchán scoilbunaithe agus le bearta foghlama gairmiúla breise.

**Caighdeán 2:**
dúthracht na gairmiúlachta a léiriú i ndáil le múinteoireacht agus foghlaim ar ardchaighdeán ar mhaithe leis na daltaí.

**Caighdeán 3:**
páirt a glacadh sa chleachtadh machnaimh lena dtacaítear lena bhfoghlaim agus lena gcleachtadh gairmiúil, go haonarach agus go comhoibríoch araon.




(An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2025, lch. 16)

# Caighdeán a Trí - Cleachtadh Machnamhach

Beidh ar an MNC…

páirt a glacadh sa chleachtadh machnaimh lena dtacaítear lena bhfoghlaim agus lena gcleachtadh gairmiúil, go haonarach agus go comhoibríoch araon




Tabhair do d'aire go bhfuil físeán maidir le Taisce curtha ar fáil ag an gComhairle Mhúinteoireachta.

(An Chomhairle Mhúinteoireachta 2025, lch.16)

# Páirt a Ghlacadh in Droichead

Oide

**Snáithe A**
**Ionduchtú Scoilbhunaithe**

Gníomhaíochtaí Ionduchtaithe

Breathnóireachtaí

Cleachtadh Machnamhach agus Taisce

Comhráite Gairmiúla

Taifead a Choimeád

**Snáithe B**
**Gníomhaíochtaí Foghlama Gairmiúla Breise**

Seimineár Gréasáin

Cnuaschruinnithe

Gníomhaíocht Foghlama Ghairmiúl Eile

# Uasdátú ar an bPróiseas Foghlama Punannbhunaithe: Taisce

Oide

Ó Mheán Fómhair 2026 ar aghaidh...




## Céim 1 — Comhroinnt

Ní mór do MNC gné amháin dá Taisce a roinnt lena FTG a bhaineann go sonrach le riachtanas foghlama gairmiúla ar mian leo aghaidh a thabhairt air

## Céim 2 — Aimsiú Taighde

Ba cheart don MNC píosa taighde atá ann cheana féin a aimsiú a bhaineann leis an riachtanas seo. Tacóidh sin le comhrá gairmiúil leis an FTG

## Céim 3 — Sainaithint

Ba chóir don MNC an comhrá gairmiúil seo a úsáid chun Gníomhaíocht Foghlama Gairmiúla a aithint i gcomhairle leis an FTG

# Uasdátú ar Shnáithe B




Cuirfidh MNCanna Seimineár Gréasáin ar Líne i gcrích

Déanfaidh MNCanna freastal ar Chnuaschruinniú Ginearálta in Ionad Tacaíochta Oideachais

Déanfaidh MNCanna freastal ar Chnuaschruinniú ar Abhar Sonrach ar líne

Tabharfaidh MNCanna faoi Ghníomhaíocht Foghlama Gairmiúla Amháin Eile

Ní mór do gach MNC gach gné den riachtanas maidir le Cnuaschruinnithe a chur i gcrích laistigh de thréimhse ama a rannpháirtíochta in Droichead



# Droichead a Thabhairt chun Críche

**Toradh A**

Líonann an FTG agus an MNC an comhdhearbhú ar Fhoirm D.

**Toradh B**

Ní líontar an comhdhearbhú.

Teastaíonn am sa bhreis, b'fhéidir.

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# Comhsheasmhacht agus Dearbhú Cáilíocht

Is ann do roinnt meicníochtaí chun cáilíocht agus comhsheasmhacht an phróisis Droichead a chinntiú ar bhonn náisiúnta.




(An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2025, lch.15)

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# **Seisiún a Trí:** Cad iad na Buntáistí don MNC agus don Scoil?



CC BY NC

# Buntáistí a Bhaineann le Droichead

Oide

‘Bhí FTG iontach agam a thug tacaíocht dom agus a chaith liom mar ghairmí.’

‘D’fhorbair mé trí bhreathnóireacht a dhéanamh ar dhaoine eile agus trí aiseolas dearfach a bhí ar fáil go fuirist ón FTG .’

‘Tá sé ar fheabhas aiseolas nach mbaineann le grádú a fháil ó mhúinteoirí eile. Is rud an-dearfach é.’

‘Spreag mo FTG mé chun múineadh le mo stíl féin. Bhraith mé go raibh tacaíocht ann dom chun mo dhícheall a dhéanamh.’

‘Thug mo FTG an chuid tacaíochta dom i gcaitheamh na bliana, rud ba chúis le bliain dhearfach foghlama dom.’

DEEPEN

DROICHEAD: EXPLORING AND ELICITING PERSPECTIVES, EXPERIENCES AND NARRATIVES

(aistrithe ó Uí Choistealbha agus Ní Dhuinn, 2021)

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Seisiún a Ceathair: Tacaíochtaí Droichead



cc BY NC

# Eolas ar Am Scaoilte

Oide

- Téigh i dteagmháil le primarydroicheadsupport@oide.ie
- Am scaoilte na mBall FTG Seachtrach - féach ar ár suíomh gréasáin
- Laethanta scaoilte éilithe tríd an OLCS: 'Ionduchtú Múinteoirí'
- Amchláir shamplacha ar ár suíomh gréasáin

| Líon na múinteoirí nuacháilithe ar Droichead | Am scaoilte scoile atá ar fáil do na scoileanna i ngach bliain acadúil (Laethanta) |
|---|---|
| 0 | 0 |
| 1 | 4 |
| 2-4 | 5 |
| 5-6 | 6 |
| 7+ | 7 |

# Tacaíocht Bhreise

Oide

- ✓ An Rannán Ionduchtucháin Droichead: https://oide.ie/ga/droichead/baile/
- ✓ Bí i dteagmháil le Foireann Ionduchtúcháin Droichead na Bunscoile: primarydroicheadsupport@oide.ie
- ✓ Cláraigh le haghaidh Droichead: https://www.teachingcouncil.ie/ga/clárú/
- ✓ Déan teagmháil leis an gComhairle Múinteoireachta: conditions@teachingcouncil.ie

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# Acmhainní ar an Suíomh Gréasáin



# Achoimre...

Oide

**Droichead Seisiún Eolais na Scoile Uile**

- Cad is cúis le Droichead?
- Cad é an rud é Droichead?
- Cad iad na Buntáistí don MNC agus don Scoil?
- Tacaíochtaí Droichead



# Bí inár leanúint!

Oide

@OIDEDROICHEADINDUCTION

Tá an Rannán Ionduchtúcháin Droichead ar Instagram anois.
Déan an cód MF a scanadh chun muid a leanúint




Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers




# Ár mBuíochas
# Is comhartha nirt é tacaíocht a iarraidh

CC BY NC